Emmet House, Milltown, Dublin 14, D14V3K8
T 01 283 8255 E info@jmb.ie W www.jmb.ie

# Oifigeach Taighde agus Forbartha
## Foghlaim Ghairmiúil, Cultúr na Scoile agus Pobail Chleachtais

**An Eagraíocht**

Déanann JMB/AMCSS ionadaíocht ar leasanna meánscoileanna deonacha, agus déanann sé idirbheartaíocht thar a gceann, maidir leis na saincheisteanna uile ar an leibhéal náisiúnta a dhéanann difear do bhainistíocht scoileanna. Bíonn cruinnithe aige ar an leibhéal náisiúnta agus téann sé i gcomhairle lena bhallghrúpaí ar bhonn leanúnach. Agus na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh aige, déanann an JMB caidreamh leis an Roinn Oideachais agus Óige, le Pátrúin agus Iontaobhaithe, le haontais múinteoirí, le grúpaí tuismitheoirí, le cumainn agus comhlachtaí oideachais eile, agus le Ranna Stáit eile.

Is é misean AMCSS/JMB ná

- Leasanna meánscoileanna deonacha a chur chun cinn trí idirbheartaíocht leis an Roinn Oideachais agus Óige agus leis na comhpháirtithe oideachais eile
- Ceannaireacht a dhéanamh do na meánscoileanna deonacha trí bheartais dhea-ullmhaithe ar ábhair imní reatha agus forbairt don todhchaí a chur in iúl
- Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na Boird Bhainistíochta agus do na Príomhoidí trí struchtúr foirne de Rúnaíocht ghairmiúil
- Oibriú i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Oideachais Chaitlicigh (CEP), le Comhar Pátrún agus Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha (APTCS) agus le Cumann Príomhoidí na hÉireann (ISA) chun tacú le héiteas na scoileanna Caitliceacha agus an t-éiteas i ngach ceann de na scoileanna atá cleamhnaithe leis an ISA agus an t-éiteas sin a chur chun cinn.

**Léargas Ginearálta**

Beidh an té a cheapfar ag obair mar chuid d'Aonad Oideachais, Taighde agus Forbartha (ERD) i Rúnaíocht na Meánscoileanna agus cuideoidh sé nó sí le cur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise JMB/AMCSS 2026–2030.

Tá an post seo mar Oifigeach Taighde agus Forbartha ceaptha tacú le forbairt a dhéanamh ar acmhainn na ceannaireachta, foghlaim ghairmiúil leanúnach agus feabhsú comhoibríoch scoileanna ar fud earnáil na meánscoileanna deonacha.

Gné lárnach den ról a bheidh i bpobail chleachtais do cheannairí scoile a fhorbairt agus a éascú, mar a shonraítear thíos. Tacóidh an obair seo le scoileanna freagairt d'fhorbairtí i mbeartais náisiúnta, cleachtas ionchuimsitheach a neartú, athchóiriú ar churaclam agus measúnú a chur i bhfeidhm, agus feabhas a chur ar chultúr eagraíochtúil agus ar acmhainn na ceannaireachta.

Áireofar leis an ról freagracht as cláir a chomhordú agus tacú leo, i gcomhar leis an Roche Center for Catholic Education agus faoi stiúir an Stiúrthóra Foirmithe ag Boston College Ireland. Agus é nó í ag obair go dlúth le foirne ceannaireachta ó na scoileanna rannpháirteacha, tacóidh an té a cheapfar le cur i bhfeidhm clár, éascóidh sé nó sí foghlaim ghairmiúil agus rannpháirtíocht piaraí, agus cabhróidh sé nó sí le scoileanna foghlaim ó chláir a aistriú ina bpróisis feabhsaithe scoile.

Cuirfidh an té a cheapfar le hobair níos leithne na foirne ERD, lena n-áirítear taighde, forbairt beartas, próisis chomhairliúcháin, pleanáil imeachtaí, cumarsáid, agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, chomh maith le tacaíocht dhíreach a thabhairt do bhallscoileanna sna réimsí Cleachtas Ionchuimsitheach agus Athfhorbairt Curaclaim.

**Próifíl Iarrthóirí – Inniúlachtaí Riachtanacha agus Taithí Riachtanach**
Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi in ann taithí agus cumas sna réimsí seo a leanas a thaispeáint:

- Foghlaim ghairmiúil, éascú agus foghlaim aosach.
- Curaclam, measúnú, ionchuimsiú agus feabhsú scoile.
- Pobail chleachtais, foghlaim chomhoibríoch agus ceannaireacht líonraí a fhorbairt.
- Taighde, forbairt beartas agus cleachtas bunaithe ar fhianaise.
- Cumarsáid, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, ceannaireacht agus obair chomhoibríoch.

Beidh taithí ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar bheith ag obair le hoideoirí, ceannairí scoile nó eagraíochtaí oideachais, agus léireoidh sé nó sí an cumas tacú le foghlaim ghairmiúil, forbairt na ceannaireachta agus tionscnaimh chun scoileanna a fheabhsú in earnáil na meánscoileanna deonacha.

Bheadh taithí ar chóitseáil, meantóireacht, éascú, cultúr eagraíochtúil a fhorbairt, foirmiú na ceannaireachta nó ceannaireacht ar chórais ina buntáiste.

Beifear ag súil go ndéanfaidh an té a cheapfar taisteal ó am go chéile, go dtabharfaidh sé nó sí cuairteanna ar scoileanna agus go ndéanfaidh sé nó sí obair sceidealaithe um thráthnóna nó ar an deireadh seachtaine de réir mar is gá.

**Tionacht:** Tá an ról seo ar fáil ar bhonn lánaimseartha. **Níl an ról seo ar fáil mar phost iasachta.**

**Fostóir:** Is í Rúnaíocht na Meánscoileanna an fostóir, agus is é nó í an tArd-Rúnaí Cúnta (Oideachas, Taighde & Forbairt) an bainisteoir líne. Maidir leis na tionscnaimh Comhar Cultúir Scoile agus Foirmiú na Ceannaireachta, oibreoidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi go dlúth leis an Stiúrthóir um Fhoirmiú na Ceannaireachta, Boston College Ireland, agus gheobhaidh sé nó sí treoir ghairmiúil uaidh nó uaithi.

**Ionad Oibre:** Beidh an tOifigeach Taighde agus Forbartha lonnaithe in Oifigí Rúnaíocht JMB na Meánscoileanna i dTeach Emmet, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 14. Beidh gá le taisteal taobh amuigh den oifig, le cuairteanna a thabhairt ar scoileanna agus le hobair sceidealta taobh amuigh de na gnáthuaireanta agus ar an deireadh seachtaine ó am go chéile. Tá beartas i bhfeidhm don obair hibrideach/don chianobair.

**Tuarastal agus Pinsean:** Tá sonraí maidir le mionsonraí faoi thuarastail agus pinsin ar fáil ón Ard-Rúnaí Cúnta do Sheirbhísí Corparáideacha. Seoladh ríomhphoist corporateservices@jmb.ie

**Príomhréimsí Freagrachta**

**1. An clár Comhar Cultúir Scoile i gcomhar le Boston College**

Tabhairt faoin ról Comhordaitheoir Comhair Cultúir Scoile. Cuideoidh an Comhordaitheoir, ar bhonn páirt-aimseartha (2 lá sa tseachtain), le cur i bhfeidhm agus comhordú an chláir, agus le forbairt leanúnach a dhéanamh air, agus é nó í ag feidhmiú mar an bpríomhphointe teagmhála do na scoileanna rannpháirteacha go léir. Oibreoidh an comhordaitheoir go dlúth leis an Stiúrthóir um Fhoirmiú na Ceannaireachta, Boston College Ireland, chun soláthar réidh an chláir a chinntiú.

**Príomhfhreagrachtaí mar Chomhordaitheoirí Comhair Cultúir Scoile:**

**Bainistíocht Clár:** Gach gné den Chomhar Cultúir Scoile a chomhordú, lena n-áirítear seisiúin forbartha gairmiúla ar an láthair agus na cnuaschruinnithe réigiúnacha/ar líne.

**Tacaíocht Scoile:** Feidhmiú mar chóitseálaí agus meantóir do na foirne scoile rannpháirteacha, agus treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad ag cur a gcuid próiseas cultúir scoil-bhunaithe i bhfeidhm. Tá cuairteanna ar scoileanna san áireamh leis sin.

**Líonra a Éascú:** Bunú agus fás an líonra idir piaraí a éascú, agus comhoibriú, malairt smaointe agus foghlaim chomhroinnte i measc scoileanna a spreagadh.

**Cumarsáid agus Idirchaidreamh:** Feidhmiú mar idirchaidreamh idir JMB, Boston College Ireland, agus na scoileanna rannpháirteacha.

**Tacaíocht do Chláir:** Tacaíocht do Chláir agus Tacaíocht d'Éascú i Meánscoileanna a chur ar fáil do Thionscnaimh Boston College Ireland

**Foirmiú:** A bheith rannpháirteach i gclár foirmithe leis an Roche Center for Catholic Education lena chinntiú go mbeifear ag teacht le fís agus luachanna an chláir.

**Tuairisciú:** Tuairiscí tráthrialta a ullmhú don JMB faoin dul chun cinn ar chláir, dúshláin, agus éachtaí.

**2. Pobail Chleachtais agus Foghlaim Ghairmiúil**

Agus forbairtí i mbeartais náisiúnta maidir le hathfhorbairt curaclaim, measúnú, ionchuimsiú agus feabhsú scoile mar bhonn eolais di, forbairt ar phobail chleachtais d'fhoirne ceannaireachta scoile a threorú agus tacú léi.

Cláir leanúnacha d'fhoghlaim ghairmiúil a dhearadh, a chomhordú agus a éascú, ar chláir iad a chuimsíonn ionchur struchtúrtha, fiosrú comhoibríoch, piarfhoghlaim, machnamh a dhéanamh ar chleachtas agus gníomhú a phleanáil.

Tacú le scoileanna rannpháirteacha tosaíochtaí forbartha a shainaithint, gníomhartha comhaontaithe a chur i bhfeidhm ina gcomhthéacsanna féin, athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus foghlaim a roinnt trí thimthriallta atriallacha de rannpháirtíocht.

Pobail chleachtais a fhorbairt a chuireann ar chumas ceannairí scoile agus oideoirí oibriú go comhoibríoch ar athrú curaclaim, cleachtas ionchuimsitheach agus feabhsú scoile a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

Meastóireacht a dhéanamh ar phobail chleachtais agus ar thionscnaimh foghlama gairmiúla agus rannchuidiú leis an bhfoghlaim agus cleachtas éifeachtach atá ag teacht chun cinn ar fud earnáil na meánscoileanna deonacha a scaipeadh.

**3. Curaclam, Measúnú agus Ionchuimsiú**
Plé le forbairtí náisiúnta a bhaineann le curaclam, measúnú, ionchuimsiú agus riachtanais speisialta oideachais.

Tacú le hobair na foirne ERD le gníomhaireachtaí ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Óige, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Oide, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, an Chigireacht agus an Chomhairle Mhúinteoireachta, agus plé a dhéanamh le ceannairí córais de réir mar is ábhartha don ról seo ar leibhéal náisiúnta.

Plé a dhéanamh le grúpaí comhairleacha ábhartha JMB agus le struchtúir ionadaíocha, agus tacú leo.

**4. Taighde, Forbairt Beartas agus Abhcóideacht**
Rannchuidiú le tionscadail thaighde a bhaineann le tosaíochtaí straitéiseacha JMB/AMCSS.

Rannchuidiú le meastóireacht a dhéanamh ar na tionscnaimh um fhorbairt na Ceannaireachta, cultúr scoileanna agus foghlaim ghairmiúil a dhéanann JMB/AMCSS.

Tacú le freagairtí ar chomhairliúcháin, aighneachtaí, páipéir faisnéise agus forbairt beartas.

Maidir le réimsí freagrachta, fianaise a bhailiú ó scoileanna agus anailís a dhéanamh uirthi mar bhonn eolais faoi abhcóideacht JMB ar an leibhéal náisiúnta.

Páirt a ghlacadh i ngrúpaí comhairleacha náisiúnta JMB agus i bpróisis rannpháirtíochta páirtithe leasmhara de réir mar is gá.

**5. Tacaíocht Dhíreach do Scoileanna agus Cumarsáid**
Comhairle, treoir agus tacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile agus d'oideoirí i réimsí a bhaineann leis an ról, lena n-áirítear athfhorbairt curaclaim, cleachtas ionchuimsitheach, foghlaim ghairmiúil, forbairt na ceannaireachta agus feabhsú scoile.
Freagraí a thabhairt ar fhiosrúcháin ó bhallscoileanna agus tacú le scoileanna forbairtí i mbeartais náisiúnta a bhaineann le curaclam, measúnú agus ionchuimsiú a chur chun feidhme.

Páirt a ghlacadh i gcuairteanna ar scoileanna, cruinnithe agus imeachtaí foghlama gairmiúla.

Ábhair treorach, acmhainní agus tacaí a ullmhú chun cabhrú le scoileanna tionscnaimh oideachais a chur i bhfeidhm agus freagairt do na dúshláin a thagann chun cinn.

Rannchuidiú le comhdhálacha, seimineáir agus imeachtaí foghlama gairmiúla a phleanáil agus a chur i gcrích.

**6. Gníomhaíochtaí na Rúnaíochta**
Bheith go hiomlán rannpháirteach in obair an Aonaid ERD agus na Rúnaíochta níos leithne.

Rannchuidiú le tionscadail straitéiseacha agus tionscnaimh trasfheidhme.

Páirt a ghlacadh i gcruinnithe foirne agus idirfhoirne agus i bpróisis pleanála eagraíochtúla.

Dualgais eile a dhéanamh mar is cuí don ról de réir mar a thagann siad chun cinn ó am go ham.